Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais MÄNNYSTRIE O Lear

INVESTOR IN PEOPLE

**Ábhar:**

**PLEANÁIL LE hAGHAIDH FORBAIRT SCOILE AGUS BEARTÚ SPRIOCANNA**

**Uimhir Chiorcláin:**
2011/03

**Dáta Eisiúna:**
03 Márta 2011

**Sprioclucht Léite:**

- Príomhoidí agus Boird Ghobharnóirí i ngach bunscoil dheontaschúnta agus i ngach iar-bhunscoil;
- Boird Oideachais agus Leabharlainne;
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil;
- Comhairle Churaclaim, Scrúduithe agus Mheasúnachta;
- Foireann Forfheidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna;
- Ceardchumainn na Múinteoirí.

**Feasacht Ghobharnóirí:**
Riachtanach

**Stádas an Ábhair:**
Eolas le haghaidh scoileanna

**Doiciméid Bhainteacha:**
Ciorclán RO 2010/22: "Pleanáil le hAghaidh Forbairt Scoile"
"Pleanáil le hAghaidh Forbairt Scoile" – Treoir do scoileanna.
Ciorcláin RO 1998/5 "Beartú Spriocanna agus Tagarmharcáil".
"Beartú Spriocanna: Treoir do Bhunscoileanna".

**Achoimre ar an Ábhar:**

Leagtar amach sa chiorclán seo an comhthéacs ginearálta don phleanáil le haghaidh forbairt scoile agus tá eolas tagarmharcála ann le haghaidh beartú spriocanna.

**Doiciméid Chealaithe:**
2010/04

**Dáta Éaga:**
Neamhbhainteach

**Suíomh Gréasáin na RO:**
http://www.deni.gov.uk

**Fiosrúcháin:**

Cuirtear aon fhiosrúcháin mar gheall ar ábhar an Chiorcláin seo chuig:

Mr Chris Hutchinson
Foireann um Chaighdeáin agus Fheabhsú
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
Ráth Giall
BEANNCHAR BT19 7PR

Teil: 028 9127 9415
Facs: 028 9127 9100

**Cóipeanna Breise:**
Teil: 028 9127 9415

**Intreoir: Feidhmíocht an Chórais Oideachais**

1. Tá tosaíochtaí leagtha síos ag an Roinn le dul i ngleic leis an tearcghnóthachtáil agus le hardú caighdeán a chur chun cinn do gach dalta. De réir an taighde, is toisc lárnach é ionchas ard gnóthachtála a leagan síos maidir le hardú na gcaighdeán a bhaineann daltaí amach san oideachas .

2. Ní mór do gach Roinn, lena n-áirítear an Roinn Oideachais, mar chuid den tsocraíocht airgeadais acu, spriocanna a shocrú d'fhonn an fheidhmíocht a fheabhsú . Tá spriocanna PSA (Comhaontú Seirbhíse Poiblí) ag an Roinn faoi láthair don tréimhse 2008 go dtí 2011 agus leagfar amach go luath, sa straitéis leasaithe litearthachta agus uimhearthachta, spriocanna go dtí 2020, mar aon le spriocanna cloch mhíle don tréimhse 2011 go dtí 2015. Tá achoimre ar na spriocanna oideachais faoi iamh in Iarscríbhinn 1, agus tá léiriú ar an fheidhmíocht reatha le sonrú leis na figiúirí is déanaí atá ar fáil. Déanfar iad seo a nuashonrú i mí na Bealtaine leis an tsonraíocht is úire a léiriú maidir le gnóthachtáil lucht fágtha na scoile.

3. Baineann na staitisticí seo leis an chóras oideachais ina iomláine agus tá le sonrú iontu éagsúlacht mhór ó thaobh fheidhmíocht na scoileanna de. I gcásanna áirithe, baineann bearnaí san fheidhmíocht le tosca lasmuigh den scoil, leibhéil díthe go háirithe; tá sé soiléir fosta áfach go bhfuil bearnaí móra le sonrú ó thaobh na feidhmíochta de idir scoileanna a bhfuil airíonna a bheag nó a mhór mar an gcéanna acu.

4. Is léir ó na figiúirí, cé go bhfuil dul chun cinn déanta, go bhfuil géarghá le feabhsúchán leanúnach ó thaobh na gnóthachtála oideachais de, ar fud an chórais. Is ionann na spriocanna s'againne agus meánú ar fheidhmíocht gach scoile. Leis na spriocanna seo a bhaint amach, tá an bhéim ar ardú leibhéal foriomlán na feidhmíochta agus ar laghdú a dhéanamh ar an bhearna idir na daltaí is mó agus is lú gnóthachtáil agus idir na daltaí is mó agus is lú míbhuntáiste.

5. Ba cheart go mbeadh pleanáil le haghaidh forbairt scoile, cur chuige stóinsithe maidir le beartú spriocanna agus bhreithmheas ar an dul chun cinn a dhéantar, ag croílár na hoibre a dhéanann scoileanna le caighdeáin a ardú, agus ba cheart go mbeadh úsáid

éifeachtach sonraíochta mar bhonn eolais faoi na nithe seo go léir. Leagtar amach sa chiorclán seo na sonraí ba cheart a úsáid gach bliain mar bhonn eolais faoi phróiseas na tagarmharcála agus an bheartaithe spriocanna i scoileanna. Tá eolas faoi iamh chomh maith maidir leis an chomhthéacs ginearálta ar cheart do scoileanna machnamh a dhéanamh air agus iad i mbun ullmhúcháin chun an Plean Forbartha Scoile a fhorbairt nó a leasú.

**Feabhsú Scoil**

6. Is é “Gach Scoil ina Scoil Mhaith – polasaí le haghaidh feabhsúchán scoile” an t-ainm a tugadh ar pholasaí uileghabhálach na Roinne chun caighdeáin a ardú agus chun tabhairt faoi fhadhb na tearcghnóthachtála. Aibhsítear sa pholasaí seo gur faoi gach scoil atá sé freagracht a ghlacadh as féinfheabhsú. Caithfidh gach scoil a ról féin a imirt maidir le hardú na gcaighdeán trí fheabhsúchán leanúnach a dhéanamh gach bliain trí bheith ag freastal ar na riachtanais atá ag gach dalta sa scoil.

7. Tá an fhéinmheastóireacht agus úsáid sonraí feidhmíochta agus eolais eile, rudaí a n-eascróidh féinfheabhsú inmharthana astu, ag croí an pholasaí. Beifear in ann sonraí ar leibhéal scoile agus sonraí ar leibhéal an dalta a úsáid mar eolas don fhéinmheastóireacht (lena n-áirítear réimsí a shainaithint ina bhféadfaí gníomhú chun an feabhsú a chur i gcrích) agus do thagarmharcáil na feidhmíochta i gcoinne scoileanna eile a bhfuil airíonna comhchosúla acu. Beifear in ann na sonraí a úsáid le tacú leis an phleanáil i dtreo feabhsúcháin ag leibhéal an dalta, an ranga, an bhliainghrúpa, na heochairchéime agus na scoile uile. Ba cheart go mbeifí in ann feabhsúchán san oideachas a sholáthar do gach dalta trí fhéinmheastóireacht éifeachtach agus leis na gníomhartha a théann léi sin. Is bunchuid de phróiseas na pleanála le haghaidh forbairt scoile í an féinmheastóireacht agus déantar taifead ar na gníomhartha agus ar na spriocanna a éiríonn aisti seo sna Pleananna Forbartha Scoile.

**Pleanáil Le hAghaidh Forbairt Scoile**

8. Ba cheart do scoileanna na ceanglais reatha dlí maidir le Pleananna Forbartha Scoile a chomhlíonadh, lena n-áirítear cóip den Phlean a chur chuig an Bhord Oideachais agus Leabharlann cuí, agus i gcás na scoileanna Caitliceach faoi chothabháil, cóip a chur chuig CCMS. D’fhoilsigh an Roinn reachtaíocht agus treoir leasaithe i mí Eanáir 2011

inar leagadh amach na ceanglais maidir le hullmhú na bpleananna forbartha scoile agus tá siad seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na RO (http://www.deni.gov.uk).

9. Tá de cheangal ar scoileanna, faoin reachtaíocht seo, a gcuid spriocanna féin a shocrú le haghaidh feabhsúcháin, lena n-áirítear spriocanna don litearthacht agus don uimhearthacht. Ba cheart iad seo a chur isteach sa Phlean Forbartha Scoile.

**Beartú Spriocanna**

10. Ní mór go mbeadh na spriocanna dúshlánach ach insroichte. Agus na spriocanna á mbeartú acu, ba cheart do scoileanna réimse de thosca a chur san áireamh, lena n-áirítear:

i) treochtaí gnóthachtála sa scoil i mblianta roimhe;
ii) gnóthachtáil gach bliainghrúpa i mblianta roimhe;
iii) an comhthéacs faoina bhfuil an scoil ag feidhmiú agus comparáidí idir an scoil agus scoileanna a bhfuil airíonna comhchosúla acu; agus
iv) na tosaíochtaí atá leagtha amach sa Phlean Forbartha Scoile.

11. Tá eolas tagarmharcála ar fáil in Iarscríbhinn 2 den chiorclán seo a dtig le scoileanna é a úsáid mar eolas agus spriocanna á mbeartú acu. Bíonn athbhreithniú leanúnach ar bun ag an Roinn ar an tsonraíocht tagarmharcála a chuirtear ar fáil do scoileanna. Lena chinntiú go mbíonn an tsonraíocht soláimhsithe agus go mbíonn béim ar shonraíocht a úsáid atá dalta-bhunaithe agus bainte le gnóthachtáil na ndaltaí, tá socraithe nach gcuirfear ar fáil ach amháin sonraíocht a bhaineann le bandaí na mbéilí saora scoile (agus nach gcuirfear ar fáil feasta sonraíocht a bhaineann le bandaí méide nó baineann sé seo le hairí ar leith atá ag an scoil, ní ag an dalta, agus níor cheart go mbeadh aon tionchar aige seo ar ghnóthachtáil an dalta). Is táscaire den mhíbhuntáiste socheacnamaíoch í an teidlíocht ar bhéilí saora scoile (FSME), agus tá coibhneas láidir idir í agus gnóthachtáil daltaí. Tá an Roinn dírithe ar dhul i ngleic leis an tearcghnóthachtáil agus an nasc atá idir í agus an míbhuntáiste socheacnamaíoch, le tacú leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh le caighdeáin a ardú agus lena chinntiú go gcuirtear ar chumas gach dalta lánacmhainneacht a bhaint amach. Táthar i ndiaidh na sonraí a chur in eagar, dá réir, le cuidiú le scoileanna an fheidhmíocht acu a chur i gcomhthéacs agus comparáid a dhéanamh idir iad féin agus scoileanna a bhfuil thart faoin líon céanna daltaí atá i dteideal béilí saora scoile iontu.

12. Iarrtar ar scoileanna úsáid a bhaint as: an t-eolas sa chiorclán seo; eolas ó fheasacháin staitisticiúla na Roinne; eolas a choinnítear sa scoil; agus eolas a sholáthraíonn an Bord Oideachais agus Leabharlann le measúnú a dhéanamh ar threochtaí agus le tosaíochtaí a shainaithint ar gá gníomhú ina leith.

13. Tháinig Ollstór Sonraí ríomhScoileanna i bhfeidhm i Meán Fómhair 2009. Bonn achoimre le fáil sna tuairiscí rialta a sholáthraíonn an t-ollstór ar shonraíocht feidhmíochta agus thig le scoileanna í seo a úsáid le treochtaí a shainaithint, le comparáid a dhéanamh idir iad féin agus scoileanna comhchosúla agus mar bhonn eolais don fhéinmheastóireacht agus don fheabhsúchán scoile. Tá eolas maidir le ríomhScoileanna ar fáil i gCiorclán 2009/04 de chuid na RO.

**Measúnú agus Tuairisciú**

14. Coinníodh scoileanna ar an eolas, le Ciorcláin 2010/06 agus 2009/15 de chuid na RO, maidir leis na socruithe i dtaca le riachtanais mheasúnaithe agus tuairiscithe. Tá d'fhreagracht ar scoileanna leanúint leo ag soláthar eolais do CCEA maidir lena gcuid torthaí measúnaithe sa Teanga & Litearthacht agus sa Mhatamaitic & Uimhearthacht tríd na tuairiscíní leibhéil deireadh eochairchéime a úsáid. Ba cheart do scoileanna leanúint le húsáid na dtuairiscíní leibhéil seo agus na spriocanna á mbeartú acu go dtí go dtabharfar isteach na leibhéil dul chun cinn úra.

15. Nuair a imíonn dalta ó scoil, tá ceanglas reachtúil ar an scoil a n-imíonn sé/sí uaithi taifead foirmeálta a chur ar aghaidh maidir le gnóthachtáil agus dul chun cinn acadúil an dalta; ba cheart é seo a sholáthar do phríomhoide nó do Bhord Gobharnóirí na scoile úire taobh istigh de 15 lá. Ba cheart a chur san áireamh sa taifead seo sonraíocht deireadh eochairchéime, go háirithe ag deireadh Eochairchéim 2 (agus ag deireadh Eochairchéim 3 sa chás go mbeadh an dalta ag aistriú chuig ardscoil shinsearach), nó baintear úsáid as an tsonraíocht seo mar chuid de phróiseas ríofa an mhaoinithe in iar-bhunscoileanna.

**Forbairtí Todhchaí – Luathfhoilsiú na Sonraíochta Tagarmharcála do Bhunscoileanna 2011/12**

16. Ní fhoilsítear an ciorclán bliantúil tagarmharcála go dtí go mbíonn an tsonraíocht deimhnithe deiridh ar fáil do gach Eochairchéim agus an tsonraíocht ó na scrúduithe ag deireadh Bhliain 12, a fhoilsítear in Achoimre Bhliantúil na dTorthaí Scrúduithe (SAER), ar fáil. Tá an Roinn meabhrach, go háirithe i bhfianaise an aiseolais ó bhunscoileanna, gur mian le scoileanna an t-eolas seo a fháil chomh luath agus is féidir le cuidiú leis an phróiseas pleanála. Tá an Roinn i ndiaidh machnamh a dhéanamh ar chéimeanna a d'fhéadfaí a ghlacadh leis seo a dhéanamh agus tá socraithe go ndéanfar na sonraí a bhaineann le bunscoileanna a fhoilsiú níos luaithe sa scoilbhliain. Ciallaíonn sé seo go bhfoilseoidh an Roinn, ón scoilbhliain 2011/12 ar aghaidh, sonraíocht shealadach tagarmharcála d'Eochairchéim 1 agus 2 roimh thús na scoilbhliana (ní hiondúil go dtagann aon mhórathruithe ar an tsonraíocht shealadach sula gcuirtear amach an tsonraíocht deiridh ach dá dtarlódh a leithéid, chuirfeadh an Roinn scoileanna ar an eolas). Ós rud é go mbíonn soláthar na sonraíochta iar-bhunscoileanna ag brath ar fhoilsiú na sonraíochta SAER, foilseoidh an Roinn an tsonraíocht iar-bhunscoile i gciorclán ar leith chomh luath agus is féidir, san earrach go hiondúil.

17. Tá cóip den chiorclán seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na RO. Ba cheart aon fhiosrúcháin maidir le sonraíocht 2009/10 nó faoina léirmhíniú a chur chuig **Ms Patricia Wyers** nó **Mr Gavin King, Brainse Staidrimh agus Taighde**, ag an seoladh thíos. Is iad na huimhreacha gutháin 028 9127 9252 nó 028 9127 9259.

18. Ba cheart aon fhiosrúcháin maidir le gnéithe ar bith eile den Chiorclán seo a sheoladh chuig **Mr Chris Hutchinson, Foireann um Chaighdeáin agus Fheabhsú**, uimhir ghutháin 028 9127 9415.

**Chris Hughes (Dr)**
**Foireann um Chaighdeáin agus Fheabhsú**

## SPRIOCANNA AN CHOMHAONTAITHE SEIRBHÍSE POIBLÍ (PSA)

**Sprioc:**
**Faoi 2011, 90% de lucht fágála scoile ag gnóthú leibhéal GCSE A* - G (nó a chomhionann) sa Bhéarla agus sa Matamaitic [PSA 19]** (Bonnlíne: Suirbhé Lucht Fágála Scoile 2005-06 = 85%)

Feidhmíocht Reatha:
In 2008/09, 88% de lucht fágála scoile ag gnóthú leibhéal GCSE A* - G (nó a chomhionann) sa Bhéarla agus sa Matamaitic.

**Sprioc:**
**Faoi 2011, 68% de dhaltaí ag gnóthú ar a laghad 5+ GCSE A*-C faoin am a fhágann siad an scoil.** [PSA 19] (Bonnlíne: Suirbhé Lucht Fágála Scoile 2005-06 = 64%)

Feidhmíocht Reatha:
In 2008/09, d'fhág 70% de dhaltaí an scoil agus 5 GCSE nó níos mó acu ag Gráid A*- C nó a chomhionann.

**Sprioc:**
**Faoi 2011, 55% de dhaltaí ag gnóthú ar a laghad 5+ GCSE A*-C, lena n-áirítear Béarla agus Matamaitic faoin am a fhágann siad an scoil.** [PSA 19] (Bonnlíne: Suirbhé Lucht Fágála Scoile 2005-06 = 54%)

Feidhmíocht Reatha:
In 2008/09, ghnóthaigh 58% de lucht fágála na scoile 5 GCSE (A*-C) nó níos mó, lena n-áirítear Béarla agus Matamaitic.

**Sprioc:**
**Faoi 2011, ar a laghad 30% de dhaltaí FSME ag gnóthú ar a laghad 5+ GCSE A*- C, lena n-áirítear Béarla agus Matamaitic faoin am a fhágann siad an scoil.** [PSA 10 agus 19] (Bonnlíne: 2005-06 = 26%)

Feidhmíocht Reatha:
In 2008/09, ghnóthaigh 30% de dhaltaí FSME 5 GCSE (A*- C) nó níos mó, lena n-áirítear Béarla agus Matamaitic.

**Sprioc:**
**Faoi 2011, laghdaigh go dtí 1.5% de dhaltaí bhliain 12 nach bhfuil aon cháilíocht acu ag leibhéal GSCE A*- G ná a chomhionann.** [PSA 19] (Bonnlíne: Achoimre ar Thorthaí Scrúduithe 2005-06 = 3%)

Feidhmíocht Reatha:
In 2009/10, d'fhág 1% de dhaltaí an scoil gan aon cháilíocht ag GCSE A*-G ná a chomhionann.

**Sprioc:**
**Faoi 2011, 65% de dhaltaí A-Leibhéil ag gnóthú 3+ A-Leibhéal ag Gráid A*-C nó a chomhionann i mBliain 14.** [PSA 19] (Bonnlíne: Achoimre ar Thorthaí Scrúduithe 2005-06 = 63%)

Feidhmíocht Reatha:
In 2009/10, ghnóthaigh 65% de dhaltaí Bhliain 14, 3 A-Leibhéal ag A*-C nó níos mó.

**Sprioc:**
**Faoi 2011, méadaigh go dtí 95%, an ráta rannpháirtíochta san oideachas lánaimseartha nó in oiliúint ina measc sin atá 16-17 mbliana d'aois.** (Bonnlíne: Rannpháirtíocht san oideachas lánaimseartha agus sa ghairmoideachas ina measc sin a bhí 16 agus 17 mbliana d'aois i dTuaisceart Éireann 2005/06 = 87%.)

Feidhmíocht Reatha:
In 2009/10, bhí 86% díobh sin a bhí 16 -17 mbliana d'aois san oideachas lánaimseartha nó in oiliúint.